Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14087/22**

**CO EUR-PREP 27**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (15 agus 16 Nollaig 2022)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN/AN RÚIS

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar thacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin.

## II. FUINNEAMH AGUS AN GEILLEAGAR

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gconclúidí uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus cuirfidh sí tuilleadh treorach ar fáil de réir mar is iomchuí.

## III. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

Measfaidh an Chomhairle Eorpach an obair a rinneadh chun an Compás Straitéiseach a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí an Aontais a threisiú agus a athléimneacht a fheabhsú, agus tabharfaidh sí treoir maidir leis an obair atá le déanamh amach anseo. Pléifidh an Chomhairle Eorpach bealaí chun acmhainneacht slándála agus chosanta an Aontais a mhéadú a thuilleadh trí infheistíochtaí comhoibríocha a dhéanamh, lena ndíreofar ar easnaimh straitéiseacha shainaitheanta, mar a comhaontaíodh in Versailles an 10-11 Márta 2022. Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach treoir freisin maidir le tacaíocht do chomhpháirtithe an Aontais, lena n-áirítear trí ionstraimí cosúil leis an tSaoráid Eorpach Síochána agus misin agus oibríochtaí CBSC.

## IV. COMHARSANACHT AN DEISCIRT

Beidh plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcaidreamh le Comharsanacht an Deiscirt.

## V. AN CAIDREAMH SEACHTRACH

I bhfianaise a dtarlóidh, féadfaidh sé go dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna sonracha eile a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.

*p.m.: An caidreamh trasatlantach*